Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6245/24**

**VETER 9**
**FOOD 19**
**DELACT 19**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023)8519 - ST 16974/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) ... /... ÓN gCOIMISIÚN an 14 Nollaig 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha sláinteachais maidir le feoil, táirgí iascaigh, táirgí déiríochta agus uibheacha áirithe<br>- *Gníomh tarmligthe- Rún gan agóid a dhéanamh* |

1. An 14 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an dara fomhír, pointí (a), (c), (d), (e) agus (f) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 15 Feabhra 2024[1].

2. Le linn comhairliúchán tosta, chuir dhá thoscaireacht cúiseanna in iúl a d'fhéadfadh a bheith ina bhforas chun agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe[2].

3. Dá bhrí sin, chuir an Uachtaránacht an gníomh tarmligthe ar chlár oibre chruinniú na gComhairleoirí/nAtaiséanna Talmhaíochta (Talmhaíocht – Bia agus Córais Bhia) an 29 Eanáir 2024[3]. Thug an Uachtaránacht dá haire nach raibh tromlach cáilithe i bhfabhar agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh.

[1] Chuir Parlaimint na hEorpa síneadh 2 mhí leis an spriocdháta bunaidh ina dhiaidh sin.
[2] WK 849/2024.
[3] Le linn an chruinnithe sin, chuir toscaireacht amháin eile a hagóid in aghaidh an ghnímh tharmligthe in iúl.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhóidh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go bhfuiltear leis an gCoimisiún agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas maidir leis an méid sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 11a(6) de Rialachán (AE) 853/2004.